


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, An Rannóg Bitheolaíochtaí Tréidliachta |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** (más ábhartha): | **Oifigeach Teicniúil** |
| **Tréimhse an Phoist:** | Buan - (Painéal 12 mhí Buan & Sealadach) |
| **Bainisteoir Líne:** | An Dr Colm Reid, agus nó a Ainmní |
| **Grád:** | Oifigeach Teicniúil |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019354 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Yasemin Ozdemir |

### Achoimre ar an bPost:

Cuirtear fáilte roimh iarratais don phost mar oifigeach teicniúil leis an Rannóg Bitheolaíochtaí Tréidliachta laistigh de Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Beidh an té a cheapfar ag tacú le teagasc agus taighde san Anatamaíocht Tréidliachta. Díríonn an ról ar Dhioscadh Anatamaíochta agus cuirfidh an ceapaí tacaíocht theicniúil ar fáil don fhoireann teagaisc, a chuireann ranganna diosctha ar fáil don chláir tréidliachta agus altranais tréidliachta. Freisin, cuirfidh siad tacaíocht theicniúil, riaracháin, agus oiliúna do na saotharlanna sa rannóg.

I measc na bhfreagrachtaí, beidh ar an gceapaí: samplaí a aimsiú, a fhorbairt agus chothú, limistéar anatamaíochta a chothú, ranganna a ullmhú agus a ghlanadh ranganna, agus cúnamh a thabhairt i ngníomhaíochtaí taighde agus i seisiúin teagaisc. Beifear ag súil go nglacfaidh an t-iarrthóir rathúil ról ceannaireachta maidir le tacaíocht theicniúil a sholáthar sna réimsí seo, ag coinneáil suas chun dáta le forbairtí teicniúla agus ag dul i dtaithí ar theicneolaíochtaí nua. Áirítear leis an ról freisin, tacú le Clár Deontóirí Coirp na Scoile agus feithiclí UCD a thiomáint. Ní mór don cheapaí bheith díograiseach, bheith toilteanach obair a stuaim féin, eitic oibre coinsiasach a léiriú, agus cur chuige rianúil a bheith acu.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Dualgais agus Freagrachtaí Sonracha an Aonaid:**

I measc na bpríomhréimsí freagrachta, tá na nithe seo a leanas:

- An seomra diosctha a ullmhú roimh ranganna praiticiúla agus a ghlanadh ina dhiaidh, lena n-áirítear áiseanna closamhairc a shocrú, taifead ar tinreamh a choimeád, agus samplaí, trealamh, boird, agus cathaoireacha a shocrú.
- Dramhaíl bitheolaíoch agus ceimiceach a chaitheamh amach, de réir phrótacail sábháilteachta.
- Forcardaitheoir a thiomáint chun earraí móra a bhogadh – (Oiliúint iomlán ar fáil)
- Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltáin, lena n-áirítear rudaí a ordú agus seachadtaí a fháil.
- Lochtanna a thuairisciú don oifigeach teicniúil sinsearach nó don bhainisteoir áiseanna, de réir mar is cuí.
- Gníomhú mar phointe teagmhála d'úsáideoirí áiseanna, agus iad a threorú chuig baill foirne nó seirbhísí cuí.
- Slándáil a choinneáil agus rochtain theoranta ar an limistéar a choinneáil de réir mar is cuí.
- Limistéir taispeántais agus stórála a choinneáil glan agus slachtmhar.
- Cumarsáid leis an bhfoireann chuí maidir le tionscadail agus saincheisteanna teagaisc agus foghlama.
- Samplaí teagaisc anatamaíocha a ullmhú agus coirp ainmhithe móra agus beaga a bhalsamú, lena n-

áirítear madraí, capaill, eallach.

- Cothabháil a dhéanamh ar na samplaí atá ann cheana féin agus ar na limistéar teagaisc anatamaíocha, lena n-áirítear samplaí balsamaithe, potaithe, plastainithe, reoite, fuaraithe, triomaithe agus osteolaíocha.
- Acmhainní teagaisc nua a fhorabirt, lena n-áirítear, acmhainní digiteacha, samhlacha, réamh-ghearrthacha, taispeántais chnámharlaigh srl.
- Cuir le cothabháil trealaimh an tseomra anatamaíochta.
- Monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar an timpeallacht teagaisc (mar sh. teocht, leibhéil formaildéad).
- Dul i mbun oibre go gairmiúil le geallsealbhóirí seachtracha ar nós tréidlianna, gníomhaireachtaí ranna rialtais, conraitheoirí seachtracha srl, de réir mar is gá.
- Feithiclí UCD a thiomáint chun samplaí agus earraí riachtanacha eile a bhailiú ar fud na tíre.

**Scileanna Teicniúla**

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann.
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon.
- Coinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua.

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh cosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá.
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú.

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint.
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach.
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála.

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe.
- Éisteacht le daoine eile agus plé leo go tuisceanach agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin.
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua.
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne.

**Riachtanais Seirbhíse**

- Cur chuige seirbhíse gairmiúil a léiriú i ngach gné den obair.
- Tascanna ginearálta a dhéanamh, lena n-áirítear dualgais chothabhála agus cothabhála a bhaineann le cothabháil ghinearálta agus slacht na spásanna saotharlainne agus láithreacha na hoibre allamuigh.

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme.
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile.
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí.

**Sainiúil don phost seo:**

- Éilíonn gnéithe riachtanacha an phoist seo bheith ar an láthair oibre go rialta.
- Ní mór gruaig a cheangal siar, tairní gearra, agus toilteanas chun trealamh cosanta pearsanta cuí a chaitheamh, lena n-áirítear riospróir ó am go ham. Tá rannpháirtíocht i dtástáil oiriúnachta bliantúil d'riospróirí riachtanach.

**Tuarastal: 95 Technical Officer_2013 (7915): €47,261 - €61,932 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006).
- Eolas ar Eolaíocht Ainmhithe/Anatamaíocht.
- Cumas discréid agus íogaireacht a léiriú.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir bhéal agus scríofa.
- Taithí ar thaifid rúnda a choinneáil.
- Taithí bheith ag plé leis an bpobal.
- Taithí bheith ag obair as do stuaim féin.
- Toilteanas dul i mbun oibre faoi threoir agus cumas dul i mbun oibre go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne.
- Scileanna pleanála agus eagrúcháin den scoth, lena n-áirítear, cumas chun oibriú go cruinn agus aird a thabhairt ar mhionsonraí.
- Taithí ar obair a chur i gcrích laistigh de spriocdhátaí.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair saotharlainne. Feasacht ar rialacháin a bhaineann le hiompar, forcardaitheoirí, agus bheith ag obair le ceimiceáin, fotháirgí ainmhithe agus corpáin.
- Fonn láidir chun foghlaim agus oiliúint a fháil maidir le forcardaitheoir a thiomáint chun earraí móra a bhogadh.
- Taithí ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí taighde.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag athrú i gcónaí.
- Scileanna ríomhaireachta (MS Word, Excel, Powerpoint) agus an cumas bogearraí ábhartha cuí a fhoghlaim.
- Deaslámhacht

- Cumas déileáil le radharcanna agus boladh míthaitneamhach.
- Ceadúnas tiomána agus toilteanas chun feithiclí UCD a thiomáint, lena n-áirítear veaineanna.
- Taithí ar dhea-chleachtais saotharlainne.
- Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD: Ní mór go léireodh iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.

Inmhianaithe:

- 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne.
- Taithí oibre i suíomh oideachais, lena n-áirítear, taithíbheith ag plé  le baill foirne agus mic léinn de gach leibhéal.
- Oiliúint Garchabhrach agus Sábháilteachta.
- Taithí roimhe seo ag obair i seomra iarbháis, seomra anatamaíochta, nó saoráid chomhchosúil.
- Taithí roimhe seo ar stóráil fhuar a bhainistiú i suíomh saotharlainne.
- Oiliúint/taithí ar bhalsamú.
- Oiliúint/taithí ar shampla anatamaíoch a ullmhú agus a chothú.
- Scileanna maidir le múnaí a chruthú agus/nó taithí air,  mar sh. réitigh/múnlú/priontáil 3T srl.
- Taithí ar bhogearraí a úsáidtear i suíomhanna acadúla. (mar sh. Timpeallacht Fhíorúil Foghlama, lena n-áirítear bainistiú ábhair, úsáid uirlisí inrochtaineachta srl.)
- Scileanna grianghrafadóireachta agus/nó físeagrafaíochta.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | www.ucd.ie/vetmed |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |